

## Muintir na Seapáine in Éirinn

### Ceist 1

Beidh tú ag féachaint anois ar thuirisc faoi mhuintir na Seapáine atá ag cur fúthu in Éirinn. Sula bhféachann tú ar an mír, bí ag obair leis an duine in aice leat agus déan an cheist seo a phlé.

Cad atá ar eolas agat faoin tubaiste a tharla sa tSeapáin Dé hAoine seo caite?

### Ceist 2

Féach ar an mír anois. Déan iarracht na téarmaí thíos a mheaitseáil leis an aistriúchán ceart.

1. Community\_\_\_\_\_fairsing
2. Contact\_\_\_\_\_crith talún
3. Difficulties\_\_\_\_\_Seapánaigh
4. Widespread\_\_\_\_\_dúchas
5. Japanese people\_\_\_\_\_baol
6. Earthquake\_\_\_\_\_pobal
7. Experts\_\_\_\_\_teagmháil
8. Disaster\_\_\_\_\_saineolaithe
9. Native\_\_\_\_\_tubaiste
10. Danger\_\_\_\_\_deacrachtaí

### Ceist 3

Anois, féach ar an mír don dara uair agus déan iarracht na ceisteanna thíos a fhreagairt

1. Cá bhfuil cónaí ar Chianatsu?
2. Cén áit ar tógadh í.
3. Cá bhfuil an gléasra núicléach lonnaithe?
4. Cén gnó atá ag Junichi Yoshiyagawa i gcathair na Gaillimhe?
5. Cén uair a tháinig Miyuki Sato go hÉirinn?

**Ceist 4** Déan iarracht na bearnaí a líonadh sa sliocht thíos.

Tá bialann ag Junichi Yoshiyagawa i \_\_\_\_\_ na Gaillimhe. Bhí \_\_\_\_\_ airsean faoina dheirfiúr i dTóiceo ach cé is moite de dheacrachtaí \_\_\_\_\_ bhí gach rud mar ba cheart di-se. Deir Junichi go bhfuil \_\_\_\_\_ maith acusan ar chreathanna talún sa \_\_\_\_\_ ach ní ar \_\_\_\_\_ chomh mór seo.

(cleachtadh, imní, tSeapáin, gcathair, scála, taistil)

**Ceist 5** *'ag coinneáil súil **ghéar** ar an méid...'*

Cén fáth go bhfuil séimhiú ar an bhfocal “géar” sa sampla thuas?

Déan iarracht na haidiachtaí thíos a athrú más gá.

Fear (deas)

Bean (beag)

Capall (mór)

Bó (bacach)

Teach (buí)

Sráid (fada)

Seomra (lom)

Féar (glas)

Cailín (ard)

Gruaig (catach)

**Ceist 6** Pléigh an ráiteas thíos leis an duine in aice leat nó mar rún díospóireachta sa rang.

*'Léiríonn an tubaiste sa tSeapáin nach bhfuil cumhacht núicléach sábháilte, agus nár cheart úsáid a bhaint as'*

## Treoracha agus Freagraí

**Ceist 1** Is féidir na ceistanna seo a phlé leis an duine in aice leat.

- Ceist 2**
1. Community \_\_\_\_\_ pobal
  2. Contact \_\_\_\_\_ teagmháil
  3. Difficulties \_\_\_\_\_ deacrachtaí
  4. Widespread \_\_\_\_\_ fairsing
  5. Japanese people \_\_\_\_\_ Seapánaigh
  6. Earthquake \_\_\_\_\_ crith talún
  7. Experts \_\_\_\_\_ saineolaithe
  8. Disaster \_\_\_\_\_ tubaiste
  9. Native \_\_\_\_\_ dúchas
  10. Danger \_\_\_\_\_ baol

- Ceist 3**
1. Tá cónaí ar Chianatsu sa Spidéal.
  2. Tógadh í in aice le cathair Tóiceo.
  3. Tá an gléasra núicléach i gceantair tuaithe.
  4. Tá bialann ag Junichi Yoshiyagawa i gcathair na Gaillimhe.
  5. Tháinig Miyuki Sato go hÉireann ceithre mhí ó shin.

**Ceist 4** Tá bialann ag Junichi Yoshiyagawa i **gcathair** na Gaillimhe. Bhí imní airsean faoina dheirfiúr i dTóiceo ach cé is moite de dheacrachtaí **taistil** bhí gach rud mar ba cheart di-se. Deir Junichi go bhfuil **cleachtadh** maith acusan ar chreathanna talún sa **tSeapáin** ach ní ar **scála** chomh mór seo.

**Ceist 5** Tógann an aidiacht inscne an ainmfhocail lena mbaineann sé. Más ainmfhocal baininscneach atá i gceist, séimhítear an aidiacht a thagann ina dhiaidh. Más ainmfhocal firinscneach atá i gceist, ní shéimhítear an aidiacht a thagann ina dhiaidh.

Fear **deas**

Bean **bheag**

Capall **mór**

Bó **bhacach**

Teach **buí**

Sráid **fhada**

Seomra **lom**

Féar **glas**

Cailín **ard**

Gruaig **chatach**

**Ceist 6** Is féidir an ráiteas a phlé nó díospóireacht a dhéanamh.

## **Eimear Ní Chonaola**

Tá pobal na Seapáine atá ag cur fúthu sa tír seo ag coinneáil súil ghéar ar an méid atá ag tarlú ina dtír dhúchais. Labhair ár dtuairisceoir Catherine Ní Ghuairim le roinnt Seapánach atá ina gcónaí i gcontae na Gaillimhe.

## **Catherine Ní Ghuairim**

Seo í Chinatsu Hakamada atá ina cónaí sa Spidéal i gConamara ach a rugadh is a tógadh in aice le cathair Tóiceo. Tá sí ag coinneáil súil ghéar ar an méid atá ag tarlú sa mbaile faoi láthair. Thóg sé dhá uair a chloig ar Chinatsu teagmháil a dhéanamh lena hathair tar éis<sup>1</sup> di cloisteáil faoin tubaiste ach tá an teaghlach slán, a deir sí. Cuireann na gléasanna núicléacha atá go fairsing i gceantair tuaithe sa tSeapáin imní uirthi.

## **Chinatsu Hakamada**

Táimid idir dhá chomhairle mar tá sé an-chontúirteach, tá a fhios againn, ach ag an am céanna teastaíonn leictreachas mór sa tSeapáin. Caithfidimid smaoineamh ar sin arís agus arís mar tá sé an-chontúirteach, róchontúirteach agus níl a fhios againn céard a tharlóidh ansin i gceann cúpla lá agus tá an-imní orainn.

## **Catherine Ní Ghuairim**

Tá bialann ag Junichi Yoshiyagawa i gcathair na Gaillimhe. Bhí imní airsean faoina dheirfiúr i dTóiceo ach cé is moite de dheacrachtaí taistil bhí gach rud mar ba cheart di-se. Deir Junichi go bhfuil cleachtadh maith acusan ar chreathanna talún sa tSeapáin ach ní ar scála chomh mór seo. Deir sé go bhfuil imní ar Sheapánaigh faoin todhchaí mar nár tharla eachtra chomh mór sin riamh i gcás gléasra núicléach agus níl a fhios, a deir sé, ag éinne cad atá in ann dóibh.

Tháinig Miyuki Sato as Cathair Saitama go Gaillimh ceithre mhí ó shin. Tá sí ag foghlaim Béarla. Bhí an-imní uirthi, a deir sí, go dtí go ndearna sí teagmháil leis an mbaile.

Deir Miyuki go bhfuil saineolaithe ag rá go bhfuil baol ann go mbeidh crith talún mór eile sa tSeapáin. Níl a fhios cén áit, a deir sí, agus an imní is mó atá uirthise anois go dtarlóidh sé arís.

Catherine Ní Ghuairim, Nuacht TG4

---

<sup>1</sup> Théis a deirtear